

BBC GAEILGE COMMISSIONING BRIEF, JANUARY 2022

BBC Gaeilge is now seeking ideas for programmes for transmission on TV and iPlayer in 2023 and beyond.

This output will be produced by independent production companies based in Northern Ireland and will be co-funded by the Irish Language Broadcast Fund and BBC Northern Ireland.

This round covers the content areas of **Factual** and **Factual Entertainment**.

The BBC Gaeilge Commissioning Strategy continues to build a varied portfolio of ambitious, relevant and high-impact programming. At the heart of this strategy is the audience, a diverse group with a wide range of interests and levels of ability in the language. Many non-Irish speakers also enjoy subtitled Irish-language video content.

We are evolving our priorities to respond to changes in how people watch television, and want to grow the time that viewers spend with the BBC on iPlayer alongside our linear channels.

All Irish language content which receives 75% production funding from the ILBF must have minimum 75% Irish language speech content. All video content must have burnt-in subtitles in English.

Please contact Karen Kirby, Commissioning Executive, BBC Gaeilge to discuss ideas beforehand. The deadline for the submission of proposals with detailed budgets on BBC Pitch is **Monday 28th February 2022** at 1700.

1. FACTUAL DOCUMENTARY

30' Singles/Series

Here, we are seeking **observational factual** portrayals of captivating characters and fascinating local precincts and environments.

Warm observational series which build on the success of *Ar An Sliabh*, *Go Domhain san Fhuil*, *Fir Fáinne*, *Oilithreach*, *The Irish Houses: Scéal Phobal Bhóthar Seoighe* will be of interest.

Soon-to-be-broadcast commissions include *Lé Chéile*, a 1x30' observational documentary on East Belfast GAA; *Cailíní Dhoire*, a 1x30' documentary reminiscing with 4 former Thornhill College girls and how their school and community in Derry shaped their lives; *Bás as Baile*, a 1x30' documentary with the family of Kevin Bell, whose death abroad prompted them to establish the Kevin Bell Repatriation Trust in Newry.

Proposals should celebrate everyday lives, featuring people firmly grounded in their area, whose lives and life stories are colourful, compelling and relatable for local audiences. The aim here is to capture the authenticity and relatability of local worlds in a way that fires the imagination.

Narratives that shed light on experiences across different age and socio-economic groups will be a priority.

60' Singles/Series

Longform documentaries which tell stories in a fresh way and reveal something new to the audience can entertain and inform in equal measure. Stories, people or events in history should have a contemporary relevance, as evidenced in *Lá i 1916*, *Críochdheighilt : Partition*, *An Fhidil Bheo: Ceol an Northern Fiddler*, *Tír Eoghain: The Unbreakable Bond*.

2. FACTUAL ENTERTAINMENT (including Formats, Magazine and Lifestyle Series)

30' Series

The 'lighter' factual-based genres of fact-ent, formats and lifestyle have been successful territory for BBC Gaeilge in recent years, offering a fun, light-hearted alternative to some of the factual history and topical issues output. Central to this programming is warmth, escapism, family-friendly banter, programmes like *Saolta 's Gaolta*, *Éadaí SOS*, *Croí Uladh le John Toal* and soon-to-be-broadcast returning series like *Beidh Aonach Amárach*, *Na Gael Marys*, and endeavours in a kayak courtesy of *Buachaillí Ón Éirne (3x30')*

In this round we will be assessing proposals for returning series from the slate of shows that have aired recently. We are also open to new, fresh ideas, however it should be noted that this will be highly competitive territory.

Looking forward to hearing from you.

Go n-éirí libh!

Karen

ACHOIMRE CHOIMISIÚNAITHE BBC GAEILGE, EANÁIR 2022

Tá BBC Gaeilge anois ag lorg smaointe faoi choinne clár a chraolfar ar an Teilifís agus ar iPlayer in 2023 agus ina dhiaidh sin.

Comhlachtaí neamhspleácha léiriúcháin atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann a chruthóidh an t-ascgur seo agus an Ciste Craoltóireachta Gaeilge agus BBC Thuaisceart Éireann a chómhaoineoidh.

Clúdaítear ábhair **Fhíorasacha** agus **Siamsaíocht Fhíorasach** sa bhabhta seo.

I Straitéis Choimisiúnaithe BBC Gaeilge, leantar de chothú punann de chláir uailmhianacha, ábhartha, fheiceálacha. Ag croí na straitéise seo tá an lucht féachana, grúpa ilchineálach a bhfuil raon leathan de réimsí suime agus de leibhéal chumais sa Ghaeilge acu. Is iomaí sin duine nach bhfuil Gaeilge acu a bhaineann sult as ábhar físe Gaeilge a bhfuil fotheidil ag dul leo.

Tá athrú ag teacht ar na tosaíochtaí againn de réir mar a athraíonn an dóigh a gcoimheadann daoine ar an teilifís agus is mian linn cur leis an mhéid ama a chaitheann daoine leis an BBC ar iPlayer le cois cainéil a chraolann de réir clár ama.

Caithfidh 75% d'ábhar labhartha Gaeilge ar a laghad a bheith ag an ábhar Gaeilge ar fad a fhaigheann maoiniú léiriúcháin 75% ó CCG. Caithfidh an t-ábhar físe ar fad fotheidil ghreanta Bhéarla a bheith aige.

Déan teagmháil le Karen Kirby, Feidhmeannach Coimisiúnaithe, BBC Gaeilge le smaointe a phlé roimh ré. **Luan 28^ú Feabhra 2022** ar 17.00 an spriocdháta le moltaí agus buiséid mhionsonraithe a chur isteach ar BBC Pitch.

1. CLÁR FAISNÉISEACH FÍORASACH

Cláir Aonair/Sraitheanna 30'

Sa chás seo, táimid ag lorg cur síos **breathnaitheach, fíorasach** ar dhaoine agus ar thimpeallachtaí áitiúla atá thar a bheith suimiúil.

Ba shuim linn sraitheanna siamsúla, spéisiúla atá ar aon dul le sraitheanna rathúla ar nós *Ar An Sliabh, Go Domhain san Fhuil, Fir Fáinne, Oilithreach, The Irish Houses: Scéal Phobal Bhóthar Seoighe*.

Áirítear le coimisiúin atá le craoladh roimh i bhfad *Lé Chéile*, clár faisnéise breathnaitheach 1x30' ar CLG Bhéal Feirste Thoir; *Cailíní Dhoire*, clár faisnéise 1x30' ina gcuimhníonn 4 iardhalta de chuid Choláiste Chnoc na nDealg siar ar an dóigh ar mhúnlaigh a scoil agus a bpobal i nDoire a saol; *Bás as Baile* clár faisnéise 1x30' le muintir Kevin Bell, ar spreag a bhás iad leis an Kevin Bell Repatriation Trust a bhunú ar an lú.

Ba chóir go gceiliúrfá in bhur moltaí gnáthshaol agus daoine atá fréamhaithe go daingean ina gceantair dhúchais a bhfuil scéal a mbeatha dathúil, tarraingteach agus a mbeadh dáimh ag lucht

féachana áitiúil leo. Is é an aidhm atá leis seo an saol áitiúil a léiriú go fíor agus go dáimhiúil ar dhóigh a spreagfaidh an tsamhlaíocht.

Tabharfar tús áite do scéalta a léiríonn eispéiris i ngach aoisghrúpa agus gach grúpa socheacnamaíoch.

Cláir Aonair/Sraitheanna 60'

Cláir faisnéise fhada ina n-insítear scéalta ar dhóigh úr agus ina nochtar rud éigin úr don lucht féachana, bíonn idir shiamsaíocht agus eolas iontu. Ba chóir ábharthacht chomhaimseartha a bheith i scéalta, daoine agus imeachtaí stairiúla mar a chonacthas in *Lá i 1916*, *Críochdheighilt : Partition*, *An Fhidil Bheo: Ceol an Northern Fiddler*, *Tír Eoghain: The Unbreakable Bond*.

2. SIAMSAÍOCHT FHÍORASACH (lena n-áirítear sraitheanna Formáidí, Irischláir agus Nós Maireachtála)

Sraitheanna 30'

D'éirigh go maith le BBC Gaeilge le blianta beaga anuas i seánraí ar nós na siamsaíochta fíorasáí, formáidí agus nós maireachtála óir is rogha eile iad seachas cuid den stair fhíorasach agus an t-aschur cúrsaí reatha. Ag croí an chineáil seo cláir tá an chairdiúlacht, éalúchas agus an greann i measc an teaghlaigh mar a bhí in *Saolta 's Gaolta*, *Éadaí SOS*, *Croí Uladh le John Toal* agus sraitheanna atá ag filleadh orainn agus le craoladh ar ball ar nós *Beidh Aonach Amárach*, *Na Gael Marys*, agus eachtraí i gcadhac le *Buachaillí Ón Éirne* (3x30').

Sa bhabhta seo, beimid ag meas moltaí ar chláir úra i sraitheanna a bhí againn roimhe agus a craoladh ar na mallaibh. Tá suim againn fosta i smaointe úrnua ach ní mór a thabhairt do bhur n-aire gur réimse iontach iomaíoch é seo.

Ag dúil go mór le scéala uaibh.

Go n-éirí libh!

Karen